



Éabhlóid na Déabhlóide

Réimsí Foghlama:

An Timpeallacht agus an tSochaí: *Stair*

Cuspóirí Foghlama

Trí na gníomhaíochtaí a chomhlánú, beidh an deis ag na daltaí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- taighde agus rólímirt a dhéanamh ar charachtair stairiúla le radharc a fháil ar thréimhse ó pheirspictíocht dhifriúil;
- úsáid a bhaint as scileanna TFC le fianaise agus taighde a fhiosrú nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar thréimhse staidéir; agus
- eolas a fháil ar straitéisí le cúiseanna agus iarmhairtí eachtraí a fhiosrú.

Riachtanais Reachtúla

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga leis na riachtanais reachtúla seo a leanas:

An Timpeallacht agus an tSochaí: *Stair*

Ba cheart go mbeadh deiseanna ag daltaí imscrúdú a dhéanamh ar an am atá thart agus ar an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar an domhan againne inniu trí thuiscint a fháil ar:

- dearcthaí agus léirmhínte éagsúla;
- cúis agus iarmhairt;
- leanúnachas agus athrú; agus
- dul chun cinn agus dul siar;

agus trí fhorbairt a dhéanamh ar:

- na scileanna fiosrúcháin le tabhairt faoi imscrúduithe stairiúla;
- scileanna smaointeoireachta criticiúla le luacháil a dhéanamh ar réimse fianaise agus meas a bheith acu ar léirmhínte éagsúla;
- scileanna smaointeoireachta cruthaitheacha ina gcur chuige maidir le fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh; agus
- feachtas chroineolaíoch agus an cumas naisc a dhéanamh idir tréimhsí, eachtraí agus cora cinniúna stairiúla

Ba cheart deiseanna a bheith ag daltaí:

imscrúdú a dhéanamh ar chúiseanna agus iarmhairtí chríochdheighilt na hÉireann agus an dóigh a ndeachaigh sí i bhfeidhm ar Thuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear imeachtaí tábhachtacha agus cora cinniúna.






Scileanna Traschuraclaim/Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga an deis ar fáil do dhaltaí na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

Bainistiú Eolais	Is féidir le daltaí a scil a fhorbairt sna rudaí seo a leanas agus iad ag úsáid na faisnéise ar an amlíne le dhá léaráid a chruthú ina scrúdaítear cúiseanna agus iarmhairtí chríochdheighilt na hÉireann: • faisnéis a ghrúpáil, a shórtáil agus a mheas; agus • faisnéis a thaifeadadh agus a chur in oiriúint.
Smaointeoireacht, Fadhbbréiteach agus Cinnteoireacht	Tríd an Straitéis Cnámh Éisc agus Roth na hlarmharta a chomhlánú, beidh deis ag na páistí na rudaí a leanas a dhéanamh: • scrúdú a dhéanamh ar fhianaise agus ar roghanna; agus • naisc a dhéanamh idir chúis agus iarmhairt.
Ag Obair le Daoine eile	Trí bheith ag obair i ngrúpaí leis an amlíne a nascleanúint agus na gníomhaíochtaí gníomhacha foghlama a chomhlánú, beidh deis ag na páistí na rudaí a leanas a dhéanamh: • cur le hobair ghrúpa; agus • éisteacht go gníomhach, tuairimí a chosaint agus teacht ar chomhaontú trí mhargáil agus comhréiteach a úsáid.
Bheith Cruthaitheach	Trí cheisteanna agus freagraí do charachtair stairiúla a shamhlú tríd an tSuíochán Te a úsáid, beidh deis ag daltaí: • triail a bhaint as modhanna éagsúla smaointeoireachta.
Úsáid TFC	Tríd an amlíne ar líne a úsáid le fiosrú a dhéanamh, beidh deis ag daltaí teacht ar fhaisnéis, í a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighdiú ó fhoinsí sábháilte agus iontaoifa.





Forléargas

Is é atá in Éabhlóid na Déabhlóide i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais [Thionól Thuaisceart Éireann](#) ná amlíne idirghníomhach d'eachtraí 1900–1999, a raibh bunú Thionól Thuaisceart Éireann mar thoradh orthu. Críochnaíonn sé le hachóimre ar an chéad deich mbliana den éabhlóid, 2000–2010.

Is féidir leat an amlíne a úsáid ar dhóigheanna éagsúla, ach b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach agat díriú ar ábhar, ar thréimhse nó ar dhúshlán taighde ar leith agus tú ag fiosrú na faisnéise agus na meán atá ar fáil san acmhainn ar líne seo.

Baineann an Gníomhaíocht Tosaigh úsáid as téama scéalta mar dhóigh le hintreoir a thabhairt do dhaltai ar an tréimhse staidéir tríd an fhoghlaím ghníomhach.

Bíonn na Gníomhaíochtaí Leantacha ag díriú ar chúiseanna agus iarmhairtí na n-eachtraí a fhiosrú, ag úsáid chríochdheighilt na hÉireann mar shampla.

Gníomhaíocht Tosaigh

Tabhair intreoir do na daltaí ar an ábhar a bhfuil staidéar le déanamh air trí scéal daoine clúiteacha nó daoine ficseanúla a bhain leis an am sin, mar shampla an staid in Éirinn a raibh an chríochdheighilt mar thoradh uirthi. B'fhéidir go n-iarrfaí ar dhaltai taighde cúlra a dhéanamh roimh rólíomirt/ceistiú a dhéanamh ar na carachtair seo trí ghníomhaíochtaí ar nós an tSuíocháin The, mar a chuirtear síos air sa leabhrán Modhanna don Fhoghlaim agus don Teagasc Gníomhach Churaclam Thuaisceart Éireann d'Eochairchéim 3, leathanaigh 36–37. Is féidir an áis seo a aimsiú i rannán Eochairchéim 3 de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.nicurriculum.org.uk

Lean le téama na scéalta. Iarr ar na daltaí smaoineamh gur féidir a lán leathanach a bheith i leabhar roimh eachtra áirithe agus ina diaidh araon a chuireann leis an scéal fhoriomlán – cúiseanna roimh an eachtra agus iarmhairtí i ndiaidh na heachtra a éabhlóidíonn thar am sa chuntas chruinn atá i leabhar iomlán.

Úsáid an clár bán leis an ghníomhaíocht, Éabhlóid na Déabhlóide, ó rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin oideachais Thionól Thuaisceart Éireann a chur i láthair. Is féidir téama na scéalta a úsáid le hamlíne na n-eachtraí a thabhairt isteach i leagan amach leabhair – an dóigh ar féidir amharc ar chúiseanna cinntí ar nós na críochdheighilte agus a n-iarmhairtí a fheiceáil mar chuid de scéal níos mó.

Gníomhaíocht Ar Líne

Is amlíne idirghníomhach d'imeachtaí 1900–1999 í an ghníomhaíocht, Éabhlóid na Déabhlóide, i rannán **Bhlianta 8 - 10** de shuíomh gréasáin oideachais Thionól Thuaisceart Éireann <http://education.niassembly.gov.uk/>

Déanann daltaí nascleanúint le heachtraí tábhachtacha a fhiosrú i leabhar scéalta céad bliain a raibh éabhlóid mar thoradh air i dTuaisceart Éireann.

- Le hamlíne na n-imeachtaí a fhiosrú, cliceáil ar an chnaipe ar aghaidh agus ar an chnaipe siar ag bun an scáileáin le scrollú chuig an tréimhse ama atá i gceist.
- Roll thar na siombailí ar leathanaigh an leabhair le heolas dírithe ar EC3 faoin eachtra sin a fháil.
- Cliceáil ar gach siombail le heolas níos iomláine (EC3 agus níos airde) agus ar aon mheáin eile a bhaineann leis an eachtra sin a fháil.





Is féidir an amlíne idirghníomhach a úsáid le hábhair ón tréimhse ama seo a fhiosrú nó taighde nó athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn aonarach nó i ngrúpaí.

Leis an úsáid is fearr a bhaint as an am atá ar fáil le hamharc ar an ábhar seo, b'fhéidir go mbeadh sé tairbheach an rang a eagrú ina ngrúpaí agus tréimhse ama agus fócas ar leith a chur ar fáil dóibh le himscrúdú a dhéanamh air ar an amlíne.

Mar shampla, más é an fócas cúiseanna agus iarmhairtí chríochdheighilt na hÉireann a fhiosrú, scar an rang ina ngrúpaí agus tabhair tréimhse ama ar leith dóibh le taighde a dhéanamh uirthi, amhail 1900–1910, 1910–1920, 1920–1930.

Iarr ar na grúpaí nóta a dhéanamh d'fhaisnéis ar bith a fhaigheann siad faoi chúiseanna agus iarmhairtí chríochdheighilt na hÉireann. Ba chóir do gach grúpa aiseolas a thabhairt ar na rudaí a fuair siad. Déan nóta de na hidéanna seo ar an chlár.

Chomh maith le cur ar a gcumas do dhaltáí faisnéis a aimsiú, d'fhéadfaí cur chuige eile a dhéanamh trí dhúshlán a thabhairt, mar atá, mistéir/dúcheist a thabhairt dóibh a gcaithfidh siad é a fhiosrú agus a réiteach trí fhíricí a bhailiú ón amlíne.

Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Tá áiseanna ilmheán eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ghníomhaíocht seo i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann:

Cé a Dhéanann na Cinntí?

Chomh maith le fiosrú a dhéanamh ar na leibhéil éagsúla rialtais atá ag dul i bhfeidhm ar an ghnáthshaol i dTuaisceart Éireann inniu, cuireann an ghníomhaíocht seo na daltaí ar an eolas faoin ghaol idir Tionól Thuaisceart Éireann agus Parlaimint na RA. Déanann sé nasc go díreach leis an amlíne Éabhlóid na Déabhlóide a fhócasáil ar Stair agus ar Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.

Cad é mar a Thoghann Muid CTRanna?

Míníonn an físeán seo córas an Aonvóta Inaistrithe a úsáidtear le hionadaithe a thoghadh i dtoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann – cineál ionadaíochta cionmhaire, i riamh i dTuaisceart Éireann.






Gníomhaíochtaí Eile

Cuir na daltaí ar an eolas faoi choincheap Straitéis Cnámhe Éisc, mar a cuireadh síos air i leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc Churaclam Thuaisceart Éireann d'Eochairchéim 3, leathanach 27. Is féidir an áis seo a aimsiú i rannán **Eochairchéim 3** de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.nicurriculum.org.uk Cuidíonn Straitéis na Cnámhe Éisc le daltaí smaoineamh ar phríomhchúiseanna eachtra agus tosca tábhachtacha sna cúiseanna sin a liostú.

Mar shampla:




Iarr ar gach grúpa léaráid chnámh éisc a tháirgeadh faoi na cúiseanna le críochdheighilt na hÉireann. Is féidir leo úsáid a bhaint as an fhaisnéis a bhailigh an rang ar fad.





Cuir na daltaí ar an eolas faoi choincheap Roth na hIarmharta, mar a cuireadh síos air i leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc Churaclam Thuaisceart Éireann d'Eochairchéim 3, leathanach 17. Iarr orthu amharc ar na hIarmhairtí atá bailithe ag na grúpaí le linn an taighde ar an amlíne. Déan samhaltú ar Roth na hIarmharta a chruthú do na daltaí, ag amharc ar Iarmhairtí den chéad, den dara agus fiú den tríú ord a bhí ag an chríochdheighilt.

Mar shampla:



Iarr ar gach grúpa Roth na hIarmhairtí a chruthú ag úsáid na faisnéise a bhailigh an rang le linn an taighde ar an amlíne.

D'fhéadfá an cleachtadh céanna a dhéanamh má bhíonn tú ag amharc ar eachtraí níos úrnua i stair Thuaisceart Éireann, mar shampla cúiseanna agus Iarmhairtí na dTrioblóidí nó Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.

Is féidir an amlíne a úsáid fosta mar uirlis fhíseach athbhreithnithe roimh scrúduithe.

